


An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge

Institiúid Oideachais Marino

Tuairisc Chun Dáta (28 Samhain, 2018)

Don Choiste Comhairleach um Polasaí Oideachas Gaeltachta

Aodán Mac Suibhne (Comhordaitheoir an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge, Ionadaí Chomhdháil Cheannasaithe na gColáistí Oideachais in Éirinn (CHOICE))



- **7 Lúnasa, 2018:** Thug an Chomhairle Mhúinteoireachta creidiúnú don chéim. Bhí creidiúnú faighte cheana féin ag an gcéim ó Choláiste na Tríonóide.
- **10 Lúnasa, 2018:** Cuireadh eolas faoin gcéim ar shuíomh idirlín Institiúid Oideachais Marino.
- **27 Lúnasa, 2018:** Thosaigh Caoileann Ní Dhonnchadha ina post mar Oifigeach Margaíochta don chéim / Oifigeach Gaeilge don Institiúid.
- **Meán Fómhair, 2018:** Liostaíodh an chéim i Lámhleabhar na Lár-Oifige Iontrála (CAO) leis na Cóid CM003 agus CM004.
- **11 Meán Fómhair, 2018:** Foilsíodh Réamheolaire na hInstitiúide ina bhfuil eolas ar an gcéim. Ar an dáta céanna, foilsíodh bróisiúr ar an gcéim, bileog eolais, agus póstaer. Ina dhiaidh sin, ullmhaíodh preabsheastáin agus foilsíodh leabhrán tacaíochta Gaeilge do scoláirí.
- **12 Meán Fómhair, 2018:** Ar shuíomh idirlín TEG cuireadh leathanach eolais ar leith ar an gcéim agus foirm iarratais ar leith maidir le scrúduithe TEG Leibhéal B1 ar 23 Feabhra, 2019. Beidh scrúduithe HPAT ar an lá céanna ach beidh deis eile ag scoláirí na scrúduithe TEG a dhéanamh ar 11 Bealtaine agus ar 24 Lúnasa. Beidh na scrúduithe ar 23 Feabhra ar siúl i ndeich n-ionad éagsúla ar fud na tíre ag brath ar éileamh. Beidh Oifig TEG in ann an Institiúid a choinneáil ar an eolas faoi líon na scoláirí a bheidh ag cur isteach ar na scrúduithe TEG agus sonraí teagmhála na scoláirí sin a chur ar aghaidh chuig an Institiúid (le cead na scoláirí agus de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí). Tá sé ar intinn ag an Institiúid eolas breise agus treoir do na scrúduithe TEG a chur ar fáil ar shuíomh idirlín na hInstitiúide agus in ionaid eagsúla ar fud na tíre, roimh na scrúduithe TEG. Beidh Oifig TEG in ann torthaí na scrúduithe TEG a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Iontrálacha in Institiúid Oideachais Marino.
- **13 Meán Fómhair, 2018:** Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton T.D. an chéim. Labhair an tAire, Leas-Phropast Choláiste na Tríonóide, an tOllamh Chris Morash agus Uachtarán Institiúid Oideachais Marino, an Dochtúir Teresa O'Doherty. Bhí os cionn seachtó duine ag an seoladh, ina measc: oifigigh ón Roinn Oideachais agus Scileanna; ionadaithe ón gComhairle Mhúinteoireachta, ón bhForas Patrúnachta, ó COGG, ó Gaeloideachas, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ó Foras na Gaeilge, ó Chonradh na

Gaeilge, ó TEG, ó Institiúidí Oideachais eile (thuaidh agus theas), ó Aontas na nDaltaí Iarbhunscoile in Éirinn. Ag an seoladh freisin bhí an Coimisinéir Teanga, príomhoidí agus múinteoirí ó bhunscoileanna agus ó mheánscoileanna Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, foireann Institiúid Oideachais Marino agus mic léinn na hInstitiúide. Craoladh agallaimh ar na meáin.

- **17 Meán Fómhair, 2018:** Chuir an tOifigeach Margaíochta tús lena feachtas margaíochta / bolscaireachta sna scoileanna, ag labhairt le scoláirí i nGaelcholáistí agus in iar-bhunscoileanna ar fud na tíre.
- **Deireadh Fómhair/Samhain, 2018:** Faoi 28 Samhain, beidh cuairt tugtha ag an Oifigeach Margaíochta ar os cionn 35 scoil sna Gaeltachtaí, i mBaile Átha Cliath agus i gcontaetha eile. D'fhreastail sí ar 7 lá gairmeacha i scoileanna éagsúla. Léiríodh spéis mhaith sa chéim ag seastán a bhí ag an Institiúid ag an *Higher Options* i gCumann Ríoga Bhaile Átha Cliath, ag *Options West* i nGaillimh agus ag comhdhálacha de chuid na Lár-Oifige Iontrála (CAO) / Institiúid na gComhairleoirí Treorach. Léiríodh spéis an-láidir sa chéim ag Lá Oscailte na hInstitiúide ar 17 Samhain nuair a líon 51 dalta scoláire foirm ag cur in iúl go raibh spéis acu sa chéim. Tá feachtas ar siúl freisin sna meáin shóisialta. Tá eolas agus fógra ar an gcéim curtha chuig eagraíochtaí Gaeilge agus oideachais le cur ar a suíomhanna idirlín. Cuireadh eolas ar an gcéim ar fáil ag Comhdháil *Gaeloideachas* i nGaillimh ar 16 Samhain. Bhí seastán ag an Oifigeach Margaíochta ag Oireachtas na Gaeilge.